Úsáid TFC

Gnéithe Inmhianaithe

DRC 2T

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Amharc ar réimse de léaráidí teicniúla (mar shampla líníochtaí DRC 2T agus íomhánna ar líne) atá curtha ar fáil ag an mhúinteoir agus páirt a ghlacadh i bplé faoi threoir an mhúinteora ar an dearadh don mhonarú. Bunghnéithe a fhiosrú sna bogearraí DRC 2T. (Fiosrú)
- A gcruth bunúsach féin a chruthú le cuidiú an mhúinteora. (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. (Malartú)
- Labhairt faoina ndearadh, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- A gcuid oibre a phriontáil nó a thaispeáint le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Smaointe a roghnú le húsáid ina gcuid oibre féin, as stór íomhánna de dhearaí 2T a chuireann an múinteoir ar fáil. Sraith treoracha a leanúint agus bogearraí DRC 2T in úsáid acu. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo cruthanna a dhéanamh agus dathanna a chur leo.* (Fiosrú)
- Cruth bunúsach a chruthú le cuidiú an mhúinteora. (Cur in iúl)
- An dóigh le modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, a shainaithint agus labhairt fúthu. (Malartú)
- Labhairt ar an dóigh lena gcuid oibre a fheabhsú, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- A gcuid oibre a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Samplaí atá ann cheana féin de dhearaí tógála agus táirge a rinneadh le bogearraí DRC 2T a thaighde, agus príomhghnéithe an dearaidh a shainaithint. Sraith treoracha a leanúint agus a chur in eagar agus bogearraí DRC 2T in úsáid acu. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo cruthanna a dhéanamh agus a shainmhíniú.* (Fiosrú)
- Líníocht DRC 2T a chruthú faoi choinne táirge simplí nó comhpháirt de tháirge. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo dath a úsáid, feasacht ar scála srl.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost a chur nó postáil a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar shnáithe plé. B'fhéidir go gcuirfí an ríomhphost nó an phostáil chuig múinteoir.* (Malartú)

- Roinnt mionathraithe a dhéanamh lena ndearadh a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo toise a athrú nó cruth a mhionathrú.* (Luacháil)
- Comhadainm a úsáid lena ndearadh a shábháil agus/nó é a thaispeáint don rang nó don ghrúpa. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Samplaí DRC 2T a thaighde agus a roghnú as réimse d'fhoinsí digiteacha le dearaí táirge nó tógála a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht, ina léirítear feasacht ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach, trí thriail a bhaint as gnéithe éagsúla bogearraí sula ndéantar cinneadh ar cé acu ceann le húsáid. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo réimse de phatrúin rindreála agus an fheidhm léim go greille.* (Fiosrú)
- Líníocht DRC 2T a chruthú faoi choinne táirge a léiríonn feasacht ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo feasacht a léiriú ar scála agus dath agus rindreáil a chur isteach, ag úsáid uirlisí amhail líonadh grádáin, scáthú nó uigeacht, leis an dearadh a fheabhsú don spriocghrúpa agus don chuspóir. B'fhéidir go gcuimseodh sé seo toisí agus nótaí faoi fheidhm an táirge agus cuspóir na léaráide.* (Cur in iúl)
- Ceann amháin nó níos mó de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost a chur le ceangaltán nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram díospóireachta.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe cuí TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo triail a bhaint as cuir chuige éagsúla sula roghnaítear an modh is éifeachtaí.* (Luacháil)
- An dearadh táirge a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Samplaí agus réitigh atá níos ábhartha a thaighde agus a roghnú as réimse d'fhoinsí digiteacha le dearaí táirge nó tógála a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht, an spriocghrúpa agus an cuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc a chur san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo anailís táirge nó luacháil. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach trí bhogearraí cuí DRC 2T a roghnú le réimse uirlisí agus gnéithe bogearraí a úsáid. B'fhéidir go gcuimseodh sé seo triail a bhaint as réitigh mholta agus b'fhéidir go mbeadh sonraí ábhartha ann amhail méid, ábhar, feidhmeanna agus comhpháirteanna.* (Fiosrú)

- Líníocht fheidhmiúil DRC a chruthú de réir Chaighdeáin aitheanta BS agus ISO, a thugann réimse gnéithe le chéile le tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir a léiriú atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo réimse gnéithe agus uirlisí bogearraí a úsáid amhail haisteáil, gnáthaimh thoisithe, bloic agus tréithe, le líníochtaí lán-anótáilte ag úsáid toisí agus téacs, agus ag taispeáint dhá amharc ar a laghad. B'fhéidir go gcuimseodh sé seo líníochtaí isiméadracha 2T, ag úsáid geoiméadracht tagartha san áireamh.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le roinnt a dhéanamh ar a gcuid oibre a roinnt agus iad ag comhoibriú ar líne lena bpiaraí. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo obair a dhéanamh ar líne le dearadh a chruthú, nó plé, díospóireacht agus/nó idirbheartaíocht ar líne a dhéanamh maidir le cé acu gné atá le cur isteach ina ndearadh.* (Malartú)
- An timthriall 'pleanáil, déanamh agus athbhreithniú' a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo dearadh, dréachtú agus beachtú a dhéanamh ar a gcuid oibre, ionas go mbeadh sí ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. B'fhéidir go gcuimseodh sé seo fosta iarraidh ar phiaraí aiseolas a thabhairt ar a ndearadh.* (Luacháil)
- An dearadh táirge agus comhaid/agus nó ábhair ar bith atá bainteach leis a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Dearaí agus réitigh táirge as réimse d'fhoinsí digiteacha atá níos ábhartha agus atá ann cheana féin a thaighde agus a imscrúdú, a bhfoinsí a chosaint agus tagairt a dhéanamh dóibh maidir leis an spriocghrúpa agus an chuspóir atá sainithe i mionteagasc an taisc. Triail a bhaint as réimse níos leithne d'uirlisí agus de ghnéithe sna bogearraí DRC 2T. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo anailís nó luacháil mhionchruinn táirge atá ábhartha do na riachtanais atá sainaitheanta i mionteagasc an taisc agus roinnt trialacha a bhaint as aeistéitic faoi choinne dearadh d'ardchaighdeán agus ionramháil ar shamhaltáin sholadacha.* (Fiosrú)
- Riachtanais an úsáideora a shainaithint agus dearadh táirge nó dearadh tógála a phleanáil agus a fhorbairt a chuimsíonn réimse de ghnéithe níos sofaisticiúla agus a bhfuil cosúlacht agus mothú comhsheasmhach aige. Líníochtaí anótáilte ortagrafacha oibre a chruthú a bhfuil toisí agus scála iontu, le líníocht oibre a tháirgeadh ar féidir le duine eile í a léirmhíniú agus a úsáid don mhonarú nó don tógáil. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhpháirteanna a chur le chéile. B'fhéidir go gcuimseodh sé seo líníochtaí anótáilte oibre a n-amharctar orthu ó thaobhanna éagsúla, uirlisí cuimsitheacha claochlaithe ar a n-áirítear bogadh, scáthánú, méidniú, cur in eagar agus díchumadh agus toisí agus scála san áireamh.* (Cur in iúl)

- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus roinnt a dhéanamh ar a gcuid faisnéise agus táirgí ilmheáin, ag comhoibriú le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhoibriú ar an dearadh le piaraí, mar shampla é a roinnt i bhfóram díospóireachta agus ligean do rannpháirtithe gnéithe comhoibríocha de na bogearraí a úsáid, amhail athruithe a rianú nó leaganacha uathoibrithe comhad a dhéanamh, le tráchtanna agus cosaintí d'ardchaighdeán a chur isteach go díreach san fhoilseachán.* (Malartú)
- Cosaint a dhéanamh ar an fheidhm a roghnaigh siad leis an tasc DRC a chomhlánú, na roghanna malartacha a bhí faoi chaibidil acu agus an próiseas a chuir siad i gcrích leis an dearadh á tháirgeadh. Cosaint a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an táirge acu riachtanais an spriocghrúpa agus an chuspóra shainithe. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochairphointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir feabhas ar an leagan deiridh den dearadh.* (Luacháil)
- A gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Na sócmhainní is ábhartha a thaighde agus a roghnú as réimse d'fhoinsí digiteacha, a aimsíodh agus a cruthaíodh, idirdhealú á dhéanamh eatarthu maidir le hábharthacht, le hiontaofacht agus le cruinneas, agus a gcuid foinsí a chosaint agus tagairt a dhéanamh dóibh. An pacáiste agus gnéithe bogearraí is cuí le húsáid a roghnú agus a chosaint le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh atá sainithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo taighde a dhéanamh ar dhearaí agus ar shócmhainní eile agus iad a roghnú agus réimse dearaí a thriail go córasach, cinneadh a dhéanamh ar an cheann is cuí le freastal ar ionchais an spriocghrúpa, ag úsáid timthriall forbartha lena bhfréamhshamhail táirge a thástáil agus a choigeartú go rialta agus cosaint a dhéanamh ar roghanna agus ar chinntí bunaithe ar a n-intinní tosaigh, ar ghrúpdhíospóireachtaí agus ar aiseolas ó úsáideoirí deiridh.* (Fiosrú)
- Riachtanais úsáideora atá sainithe go soiléir a leagan amach agus dearadh táirge úrnua sofaisticiúil a phleanáil agus a chruthú, ag úsáid réimse de ghnéithe DRC ar ardleibhéal ar dhóigh thuisceanach le freastal ar ionchais an chliaint nó an spriocghrúpa shainithe. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo líníochtaí anótáilte oibre atá cruinn agus ar ardchaighdeán ag úsáid caighdeáin aitheanta ortagrafachta ina bhfuil mionsonraí cuí amhail amhairc ghearrtha, mionsonraí folaithe nó buaicphointí gnéitheacha. B'fhéidir go gcuimseodh sé seo fosta comhaid ilpháirte a thabhairt le chéile le cóimeáil de chomhpháirteanna a tháirgeadh a fhoirmíonn an táirge críochnaithe.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide lena smaointe forbartha agus a bhfaisnéis a mhalartú, a roinnt agus comhoibriú orthu le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht dhomhanda chomhoibríoch. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an dearadh a uaslódáil chuig blag le haiseolas a bhailiú ó phiaraí, ó shaineolaithe agus ó úsáideoirí deiridh, agus gníomhú dá réir ar dhóigh thuisceanach le cáilíocht ard agus le hoiriúnacht an táirge nó na faisnéise bailithe a fheabhsú d'úsáideoir deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)

- Riachtanais an úsáideora deiridh agus cuspóir an taisc a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an dearadh deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo aiseolas a chruinniú ó úsáideoirí deiridh agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le feabhas a dhéanamh.* (Luacháil)
- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhaid a chúltacú chuig áit mhalartach, leaganacha iolracha a bhainistiú agus formáidí agus taifigh chuí a roghnú.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, san am agus san áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, ar a n-áirítear iompraíocht atá inghlactha ar líne.